# COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

# SCÉIM AN CHOISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH 2024-2029

Arna fhaomhadh an 24 Meán Fómhair 2024

# 1. Réamhrá

Is í Gaillimh an contae is mó i gConnachta agus clúdaíonn sé níos mó ná 6,000 ciliméadar cearnach. 191,827 ba ea daonra Chontae na Gaillimhe in 2022 (gan an Chathair a chur san áireamh). Is contae forásach é a bhfuil earnálacha láidre tionsclaíochta, miondíola, seirbhíse, turasóireachta agus sóisialta ann.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as bonneagar tábhachtach ar nós bóithre a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil agus is í a sholáthraíonn seirbhísí tábhachtacha sóisialta agus tacaíochta pobail amhail tithíocht, tine, leabharlanna, reiligí, ealaíon agus áiseanna áineasa. Tá ról tábhachtach aici i gcaomhnú agus i mbainistíocht comhshaoil, i bpleanáil fhisiciúil, agus i bhforbairt gheilleagrach.

Tá **39** Comhairleoir tofa ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe as 5 Cheantar Bardasach

| Toghcheantar | Ceantar Bardasach | An líon comhaltaí |
|---|---|---|
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | Baile Átha an Rí | 7 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | Béal Átha na Sluaighe | 6 |
| **Conamara Thuaidh** | Conamara (Thuaidh & Theas) | 9 |
| **Conamara Theas** | | |
| **Baile Locha Riach** | Baile Locha Riach (lena n-áirítear An Gort/Cinn Mhara) | 10 |
| **An Gort/Cinn Mhara** | | |
| **Tuaim** | Tuaim | 7 |

**Tábla 1 Ballraíocht an Toghcheantair/an Cheantair Bhardasaigh**

De réir fhorálacha Alt 48 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú le hAlt 41 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, bunóidh an Chomhairle trí choistí réitigh ar a dtabharfar Coistí um Beartas Straitéiseach (CBSanna) chun nithe a bhaineann le foirmiú, forbairt, faireachán agus athbhreithniú beartais a bhaineann le feidhmeanna an údaráis áitiúil a bhreithniú agus chun comhairle a thabhairt don Chomhairle ar na nithe sin.

D'fhoilsigh an Roinn treoirlínte i mí an Mheithimh 2024 maidir le bunú agus feidhmiú Grúpaí um Beartas Corparáideach agus Coistí um Beartas Straitéiseach – Grúpaí um Beartas Corparáideach agus Coistí um Beartas Straitéiseach: Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le Bunú agus Oibriú.

# 2. Ról an Choiste um Beartas Straitéiseach

Is í an Chomhairle an t-údarás cinnteoireachta i gcónaí, agus is é tasc na CBS comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle ina cuid oibre maidir le ceapadh, forbairt agus athbhreithniú beartais i ndáil le feidhmeanna de chineál straitéiseach a fhorchoimeádtar do na Comhaltaí Tofa na Comhairle Contae, faoi réir an chreata reachtúil ábhartha.

Cé go bhfuil sé de chúram ar gach CBS cabhrú leis an gComhairle beartas a cheapadh agus a fhorbairt, is faoin gComhairle iomlán a bheidh na cinntí beartais deiridh (Alt 130 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 – 2014). Tá sé mar aidhm ag an gcóras CBS deis a thabhairt do Chomhairleoirí agus do leasanna earnála ábhartha rannpháirtíocht iomlán a bheith acu sa phróiseas déanta beartais ó na céimeanna tosaigh, nuair a bhíonn roghanna beartais níos luainí. Mar sin, ba cheart go leor den réamhobair agus den obair chúlra, den phlé agus den mholadh a bheith críochnaithe ag leibhéal an CBS le go ndéanfaidh an Chomhairle breithniú deiridh orthu agus go ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh ina leith.

Tá ról ríthábhachtach ag na CBSanna i seachadadh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ag an leibhéal áitiúil. Agus beartas á bhreithniú agus á mholadh ba chóir do gach CBS an tionchar a bheidh ag an mbeartas molta ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ábhartha a shainaithint.

Príomhról a bheidh ag CBSanna ná díriú ar shaincheisteanna straitéiseacha agus forbhreathnú straitéiseach a ghlacadh ar réimsí beartais ábhartha sa chomhthéacs níos leithne. Dá réir sin:

- Comhaontóidh gach CBS a chlár bliantúil, ceangailte leis na beartais straitéiseacha i bPlean Corparáideach na Comhairle.
- Tuairisceoidh cathaoirligh CBS don Chomhairle ar imeachtaí an Choiste.
- Cuirfidh obair gach CBS san áireamh beartas agus cuspóirí corparáideacha foriomlána na Comhairle,
  comhlíonfaidh sí forálacha reachtúla, comhtháthófar le pleananna reachtúla nuair is cuí, agus nascfaidh sí go réalaíoch le hacmhainní airgeadais.
- Féadfaidh gach CBS cinneadh a dhéanamh ar shocruithe comhairliúcháin iomchuí, ag féachaint don
  fhoráil reachtúil, do na leasanna a bhfuil ionadaíocht acu cheana féin ar an CBS agus aon treoirlínte
  arna soláthar ag an gComhairle

**Cruinnithe CBS- Nósanna Imeachta**

Tá nósanna imeachta do chruinnithe CBS leagtha amach i mBuan-Orduithe CBS Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Ba cheart féilire de chruinnithe CBS a chomhaontú ag tús gach bliana. De ghnáth tionóltar cruinnithe na CBS go ráithiúil agus ar a laghad dhá uair sa bhliain. Ba cheart cruinnithe CBS a reáchtáil ar bhealach nach bhfuil chomh foirmiúil céanna le cruinnithe iomlána na comhairle chun atmaisféar neamhfhoirmiúil agus comhoibríoch a chruthú a cheadódh smaointí agus tuairimí ar shaincheisteanna beartais.

**Cruinnithe CBS- Oiliúint**

Breithneofar Cláir Oiliúna agus Forbartha do chomhaltaí an CBS, lena n-áirítear scileanna cruinnithe éifeachtacha do Chathaoirligh.

## 3. Ról an Ghrúpa um Beartas Corparáideach

Cuimsíonn an GBC An Cathaoirleach, Cathaoirligh na CBSanna agus i gcás Ceantar Bardasach nach bhfuil cathaoirleach CBS aige, ionadaí ón gCeantar Bardasach lena mbaineann. Nascfaidh an GBC obair na CBSanna éagsúla le chéile agus cuirfidh sé fóram ar fáil inar féidir aontú ar na seasaimh beartas a théann i bhfeidhm ar an gComhairle ar fad, lena gcur i láthair na Comhairle Iomláine.

Chomh maith leis sin:

- Beidh príomhról aige in ullmhú an bhuiséid (faoi réir threoirlínte maidir leis an bpróiseas buiséadach),
- Tabharfaidh sé ionchur don Chomhairle iomlán maidir le haon ábhar imní ginearálta don Chomhairle, ar a tionscnamh féin nó tar éis iarratas a fháil ón gComhairle;
- Déileálfaidh sé le saincheisteanna foriomlána maidir le pleananna seachadta seirbhíse, seirbhís do chustaiméirí, luach ar airgead, etc., (déileálfaidh CBSanna aonair le saincheisteanna dá leithéid ina gcuid oibre chomh fada agus a bhaineann lena sainchúram seirbhíse féin).
- Comhordóidh sé obair na CBSanna agus déanfaidh sé monatóireacht ar a gcláir oibre;
- Iarrfaidh sé ar CBSanna saincheisteanna beartais ar leith a bhreithniú nuair is cuí.
- Soláthróidh sé aiseolas do na CBSanna ar bheartas agus tuairimí na Comhairle i réimsí a bhaineann leis na CBSanna

## 4. Creat an Choiste um Beartas Straitéiseach i gComhairle Chontae na Gaillimhe

Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe sé Choiste um Beartas Straitéiseach (CBSanna) a bhunú. Ceapadh seisear Cathaoirleach ainmnithe ar na coistí tar éis na dtoghchán áitiúil i mí an Mheithimh 2024.

Úsáid na Gaeilge- Cuirfidh an Chomhairle úsáid na Gaeilge chun cinn in obair gach CBS dá cuid.

Mheas Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil sé cuí CBS sonrach Gníomhaíochta Aeráide, Bithéagsúlachta agus Oidhreachta a bhunú chun ár dtiomantas dár gcomhshaol a chosaint, tacú lenár bpobail agus todhchaí inbhuanaithe a chinntiú a léiriú. Éascóidh agus tacóidh an CBS

sonrach seo le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Aeráide agus Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030.
Ina theannta sin, ceanglaítear ar gach CBS gníomhaíocht aeráide agus tionchair aeráide a mheas mar chuid de na beartais go léir atá mar chuid dá chlár oibre. Ba cheart gníomhaíocht aeráide a mheas ar an mbonn is leithne, lena n-áirítear gníomh bithéagsúlachta, gníomhaíocht cháilíocht uisce, úsáid inbhuanaithe talún, fuinneamh (foinse agus úsáid), bainistíocht acmhainní, iompar/soghluaisteacht inbhuanaithe, cáilíocht an aeir/astaíochtaí, cáilíocht ithreach, bainistíocht dramhaíola, gníomh pobail, etc., agus saincheisteanna gaolmhara eile.




Tá creat na gCoistí um Beartas Straitéiseach i gComhairle Chontae na Gaillimhe leagtha amach sa tábla seo a leanas mar aon le roinnt samplaí de ghnáth-shaincheisteanna beartais a d'fhéadfadh na Coistí um Beartas Straitéiseach a bhreithniú.

| An Coiste um Beartas Straitéiseach | **Gnáthfhadhbanna Beartais** |
|---|---|
| **1. Tithíocht** | **Clár Cóiríochta don Lucht Siúil Scéim Tosaíochtaí Ligin / Leithdháiltí / Inrochtaineacht / Tosaíocht**<br>**Clár Tógála Tithíochta**<br>**Straitéis do Dhaoine gan Dídean**<br>**Straitéis Tithíochta** |

| | |
|---|---|
| **2. Forbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Pleanáil** | **Forbairt Gheilleagrach**<br>**Tacaíocht Fiontraíochta**<br>**Gnéithe eacnamaíocha an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP)**<br>**Athbheochan na mBailte**<br>**Pleananna Forbartha**<br>**Pleananna Ceantair Áitiúil**<br>**Rialú Forbartha** |
| **3.Forbairt Fhisiciúil, Iompar & Seirbhísí Éigeandála** | **Beartas Iompair**<br>**Taisteal Inbhuanaithe**<br>**Taisteal Gníomhach**<br>**Beartas Mara**<br>**Sábháilteacht ar Bhóithre**<br>**Bainistíocht Tráchta**<br>**Beartas ar Shoilsiú Poiblí**<br>**Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla**<br>**Plean Bainistíochta Cáilíochta Uisce**<br>**Seirbhísí Uisce Tuaithe**<br>**Pleanáil Dóiteáin agus Éigeandála** |
| **4. Pobal, an Ghaeilge, an Ghaeltacht, Turasóireacht & Comhtháthú** | **Beartais Forbartha Leabharlanna**<br>**Beartas Cultúir agus Oidhreacht Phríomhchathair Chultúir na hEorpa**<br>**Straitéis turasóireachta**<br>**Plean Ealaíon**<br>**An Scéim Teanga**<br>**Gnéithe pobail den PÁEP**<br>**Scéimeanna Deontas Pobail** |
| **5.Cosaint an Chomhshaoil & Talmhaíocht** | **Beartais Maolaithe Aeráide**<br>**Beartais Oiriúnaithe Aeráide**<br>**Oideachas agus Feasacht Phoiblí**<br>**Fodhlíthe Trá**<br>**Bainistiú Dramhaíola**<br>**Plean Bainistíochta Bruscair**<br>**Reiligí** |
| **6. Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht & Oidhreacht** | **Cur i bhFeidhm an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide**<br>**Beartais Maolaithe Aeráide**<br>**Beartais Oiriúnaithe Aeráide**<br>**Beartas Bainistíochta Fuinnimh**<br>**Beartas Flít**<br>**Beartas Luchtaire Feithicle Leictreach** |

**Tábla 2 Creat um Beartas Straitéiseach**

## 5. Ionadaíocht agus Ballraíocht

Tá ballraíocht na gCoistí um Beartas Straitéiseach comhdhéanta de Chomhairleoirí agus Ionadaithe ó ghrúpaí earnála i gContae na Gaillimhe. Ní mór aon trian ar a laghad de bhallraíocht gach Coiste um Beartas Straitéiseach a tharraingt ó leasanna earnála.

## 6. Ionadaíocht Chomhairleora

Oibreoidh gach Comhairleoir ar Choiste um Beartas Straitéiseach amháin. Beidh ionadaíocht ag gach ceann de na 5 Cheantar Bardasach ar gach ceann de na 6 CBS. Beidh ballraíocht an Choiste um Beartas Straitéiseach do Chomhairleoirí ar feadh shaolré na comhairle reatha, ach amháin mar thoradh ar athruithe a thagann as ceapachán na gcathaoirligh nua. Chomh fada agus is féidir, léireoidh comhaltas Comhairleoirí an Choiste um Beartais Straitéiseacha dáileadh geografach na hionadaíochta tofa ar an gComhairle. Beidh Cathaoirligh na gCoistí um Beartas Straitéiseach ina gcomhaltaí den Chomhairle agus ceapfar iad ar feadh trí bliana ar a laghad.

## 7. Ionadaíocht Earnála

Agus an Ionadaíocht Earnálach ar Choistí um Beartas Straitéiseach á gcinneadh, tabharfar aird ar an ngá atá le raon leasanna ábhartha, cothromaíocht idir leasanna éagsúla, cuimsiú sóisialta níos fearr, cothromaíocht inscne agus an gaol idir na seasaimh atá ar fáil ar an gCoiste um Beartas Straitéiseach agus an raon leasanna gur féidir freastal air. Ní féidir le hainmnithe a bheith ach ó Ghrúpaí agus ó Chomhlachais atá gníomhach agus a bhfuil tionchar acu ar fud an chontae nó, ar a laghad, ábhartha i gceantar nó i roinnt áiteanna. Beifear ag súil go gcoimeádfaidh ainmnithe earnála comhaltas ar feadh shaolré an choiste ach sa chás go scoirfidh ainmní de bheith ina chomhalta ar chúis amháin nó ar chúis eile, ainmneoidh an earnáil ábhartha comhalta nua. Tarraingeofar ionadaíocht earnála ó na hearnálacha seo a leanas: -

1. **Talmhaíocht / Feirmeoireacht**
2. **Comhshaol / Caomhnú**
3. **Forbairt/ Foirgníocht**
4. **Gnó / Tráchtáil**
5. **Ceardchumann**
6. **Pobal/Deonach**
7. **Ionchuimsiú Sóisialta**

## 8. An Próiseas Ainmniúcháin

Éascóidh colún na n-eagraíochtaí feirmeoireachta agus talmhaíochta an próiseas ainmniúcháin

don earnáil feirmeoireachta agus talmhaíochta, éascóidh colún eagraíochtaí gnó agus fostóirí na hearnálacha gnó/tráchtála agus forbartha/tógála. Éascófar earnáil na gceardchumann le colún na gceardchumann. Roghnófar na hearnálacha comhshaoil/caomhnaithe, pobail/deonacha agus cuimsiú sóisialta tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí. (Le haghaidh teagmhálaithe colún náisiúnta, féach Aguisín 1).

Iarrfar ar na hearnálacha an cuspóir maidir le cothromaíocht inscne 40% a bhaint amach agus ceapacháin á ndéanamh a chur san áireamh, chomh maith leis an ngá atá le cuimsitheacht shóisialta agus comhionannas a chothú agus a n-ionadaithe á roghnú acu.

Ba cheart go mbeadh na comhaltaí roghnaithe ionadaíoch ar eagraíochtaí áitiúla atá gníomhach i gContae na Gaillimhe toisc gurb é dearcadh áitiúil na gcolún ionadaíochta a mbeifí ag súil leis a thabharfaidh na comhaltaí chuig na CBSanna. Ceadóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe mí amháin don phróiseas roghnúcháin de réir na gcolún náisiúnta.

Roghnóidh gach earnáil a hainmní féin agus éascóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe an próiseas ainmniúcháin chomh fada agus is féidir. Cé go ndéanfar gach iarracht freastal ar roghanna grúpaí nó eagraíochtaí, is faoin gcomhairle a bheidh an cinneadh deiridh maidir le sannadh eagraíochta nó earnálacha do gach CBS. Níl Gníomhaireachtaí Forbartha Stáit agus Áitiúla incháilithe mar chomhlachtaí ainmniúcháin do na hearnálacha le haghaidh ionadaíochta ar CBSanna.

## 9. An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 – Cód Trédhearcachta

Tá an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (an tAcht) ceaptha chun faisnéis a sholáthar don phobal maidir le cé atá ag brústocaireacht cé eile, agus cad a bhfuil siad ag brústocaireacht faoi. D’fhéadfadh go mbeadh oibleagáidí faoin Acht ar dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí a ghlacann páirt i gCoistí um Beartas Straitéiseach arna mbunú ag údaráis áitiúla.

Gné ríthábhachtach de cheapadh beartais phoiblí ag na Coistí um Beartas Straitéiseach is ea saineolas, scileanna agus eolas a bheith ar fáil do na húdaráis áitiúla ó dhaoine lasmuigh den tseirbhís phoiblí. I gcás ina bhfuil comhaltas an Choiste comhdhéanta de dhuine amháin ar a laghad atá, chun críocha an Achta, ina Oifigeach Poiblí Ainmnithe, d’fhéadfadh sé a bheith i gceist go bhféadfaí cumarsáid laistigh den ghrúpa a mheas mar chumarsáidí brústocaireachta. D’fhéadfadh go gceanglófar ar an duine a dhéanfaidh na cumarsáidí sin clárú mar bhrústocaire agus tuairisceán na cumarsáide sin a chur isteach ar an gClár Brústocaireachta.

Mar sin féin, forálann an tAcht d’eisceacht ón gceanglas clárú i gcásanna den sórt sin a luaithe a bheidh critéir trédhearcachta sonraithe curtha i bhfeidhm. D’fhoilsigh an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cód trédhearcachta chun dul i ngleic leis an gcás seo. Bheadh cumarsáid idir comhaltaí an Choiste um Beartas Straitéiseach díolmhaithe maidir le hobair an Choiste i gcás ina gcomhlíonann an grúpa atá i gceist an Cód Trédhearcachta.

## 10a. Comhdhéanamh an Choiste um Beartas Straitéiseach

| CBS | Comhairleoirí | Ionadaíocht Earnála | Coiste Iomlán |
|---|---|---|---|
| **1. Tithíocht** | 7 | 4 | **11** |
| **2. Forbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Pleanáil** | 6 | 4 | **10** |
| **3. Forbairt Fhisiciúil, Iompar & Seirbhísí Éigeandála** | 7 | 4 | **11** |
| **4. Pobal, an Ghaeilge, an Ghaeltacht, Turasóireacht & Comhtháthú** | 7 | 4 | **11** |
| **5. Cosaint an Chomhshaoil & Talmhaíocht** | 6 | 4 | **10** |
| **6. Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht & Oidhreacht** | 6 | 4 | **10** |

**Tábla 3 Comhdhéanamh an Choiste um Beartas Straitéiseach.**

## 10b. Ionadaithe Earnála a Shannadh

| CBS | Ionadaí Earnála | Iomlán |
|---|---|---|
| **1. Tithíocht** | • Pobal Deonach (1)<br>• Forbairt/Foirgníocht (1)<br>• Gnó/Tráchtáil (1)<br>• Ionchuimsiú Sóisialta (1) | **4** |
| **2. Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar & Pleanáil** | • Pobal Deonach (1)<br>• Forbairt/Foirgníocht (1)<br>• Gnó/Tráchtáil (1)<br>• Ceardchumann (1) | **4** |
| **3. Forbairt Fhisiciúil, Iompar & Seirbhísí Éigeandála** | • Pobal Deonach (1)<br>• Forbairt/Foirgníocht (1)<br>• Comhshaol/Caomhnú (1)<br>• Talmhaíocht/Feirmeoireacht (1) | **4** |
| **4. Pobal, an Ghaeilge, an Ghaeltacht, Turasóireacht & Comhtháthú** | • Pobal Deonach (1)<br>• Ionchuimsiú Sóisialta (1)<br>• Forbairt/Foirgníocht (1)<br>• Gnó/Tráchtáil (1) | **4** |

| | | |
|---|---|---|
| **5. Cosaint an Chomhshaoil & Talmhaíocht** | • Pobal Deonach (1)<br>• Gnó/Tráchtáil (1)<br>• Talmhaíocht/ Feirmeoireacht (1)<br>• Comhshaol Caomhnú (1) | **4** |
| **6. Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht & Oidhreacht** | • Pobal Deonach (1)<br>• Gnó/Tráchtáil (1)<br>• Comhshaol/Caomhnú (1)<br>• Talmhaíocht/Feirmeoireacht (1**)** | **4** |

**Tábla 4: Ionadaíocht Earnála a shannadh i ngach Coiste um Beartas Straitéiseach.**

## 11. Dréacht-Scéim an Choiste um Beartas Straitéiseach a chur i gcúrsaíocht

Tar éis don Chomhairle an Dréacht-Scéim SPC (arna leasú) a bhreithniú cuirfear ar aghaidh chuig an PPN í lena breithniú agus chuig na colúin náisiúnta páirtithe leasmhara cuí. Foilseofar fógra ag dearbhú gur bhreithnigh an Chomhairle an dréacht i nuachtán áitiúil agus ar shuíomh idirlín Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Cuirfear íostréimhse 4 seachtaine ar fáil chun aighneachtaí a dhéanamh ar an dréachtscéim.

## 12. Próiseas chun Scéim an Choiste um Beartas Straitéiseach a ghlacadh.

Déanfar aon aighneachtaí a gheofar le linn na tréimhse taispeána poiblí a mheas sula nglacfaidh an Chomhairle leis an scéim ar deireadh. Nuair a cheadófar an Scéim, bíodh sé nó sí mionathraithe, cuirfear timpeall ar na Colúin Náisiúnta agus ar an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus ar aon ghrúpaí eile a iarrann cóip di. Tar éis ghlacadh na scéime ceadófar tréimhse nach lú ná mí amháin chun ionadaithe na n-earnálacha a roghnú do na Coistí éagsúla um Beartas Straitéiseach.

♦♦♦♦♦♦♦♦♦♦♦♦♦♦♦♦

## AGUISÍN 1

## Pointí Teagmhála Náisiúnta na bPríomhpháirtithe leasmhara

| Colún | Ainm & Seoladh | Uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist |
|---|---|---|
| **Feirmeoireacht** | | **info@ifa.ie** |
| | Cumann Feirmeoirí na hÉireann (IFA) Ionad Feirme na hÉireann<br>An Cloigín Gorm<br>Baile Átha Cliath 12 | |
| **Gnó** | | **info@chambers.ie** |
| | Comhlachais na hÉireann<br>22-24 Sráid an Mhóta Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 | |
| **Ceardchumainn** | **Deirdre Mannion** | **01-8897726** |
| | Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)<br>Príomhoifig<br>31-32 Cearnóg Parnell<br>Baile Átha Cliath 1 | **deirdre.mannion@ictu.ie** |
| **Comhshaol** | | **01-8780116** |
| | Pobal Macra Líonra<br>Comhshaoil na hÉireann<br>Ionad Acmhainní<br>1 Sráid na Faiche<br>Baile Átha Cliath 7 | **office@ien.ie** |